



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009

publicjobs.ie



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

D'fhoilsigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don chéad uair i 2010
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

© 2010 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Gach ceart ar cosaint.

Níl cead aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh nó a
chraoladh i leagan ar bith nó ar aon bhealach, leictreonach nó meicniúil, lena n-áirítear fótachóipeáil,
taifeadadh nó aon chóras stórála eolais nó aisghabhála gan cead scríofa a fháil ón tSeirbhís um
Cheapacháin Phoiblí



CLÁR ÁBHAIR

| | |
|---|-----------|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 3 |
| Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh | 4 |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 6 |
| Ár Straitéis 2008 - 2010 | 9 |
| Córais Earcaíochta agus Roghnúcháin ar Ardchaighdeán | 11 |
| Bainistíocht an Chaidrimh Dírithe ar an Iarrthóir | 19 |
| Oideachas, Taighde, Forbairt agus Tagarmharcáil | 22 |
| Straitéisí Tacaíochta Inmheánacha | 25 |
| Aguisíní | 31 |

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm ar mo shon féin agus ar son mo Bhaill Foirne, Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí don bhliain 2009 a chur i láthair.

Bliain an-deacair do PAS a bhí sa bhliain 2009. Laghdaigh an t-éileamh ar sheirbhísí earcaíochta de bharr mhoratóir an Rialtais ar earcaíocht agus ardú céime a fógraíodh ag deireadh mhí an Mhárta. Cheadaigh an moratóir earcaíocht i gcásanna áirithe, ach theastaigh cead speisialta an Aire Airgeadais i gcás gach poist. Dá bharr sin, d'aontaigh Bord MAC straitéis lena chinntiú agus dá b'fhéadfaí é a dhéanamh, go gcuirfí an earcaíocht theoranta a bhí ar fáil sa tseirbhís phoiblí ar siúl tríd PAS chun go mbainfí an úsáid is fearr as a n-acmhainní féin. Rinneadh iarracht fosta costais a laghdú agus ag an am céanna an úsáid is fearr a bhaint as ár n-acmhainní ar dhóigh a bheidh chun sochair na seirbhíse poiblí.

Bhí PAS i dteagmháil le cliaint a bhí ann cheana agus le cliaint nua sa tseirbhís phoiblí lena chinntiú gur bhain na heagraíochtaí seo úsáid as próisis éagsúla roghnúcháin, thástála agus earcaíochta de chuid PAS nuair a bhí earcaíocht ar siúl. D'éirigh leis an eagraíocht iarrthóirí ar ardchaighdeán a mhealladh chuig na feachtais earcaíochta le linn 2009. Tá sonraí faoi na gníomhaíochtaí earcaíochta seo leagtha amach sa tuarascáil seo.

Ghlac PAS páirt fosta i dtionscadail, nach raibh baint acu le hearcaíocht, le heagraíochtaí sa tseirbhís phoiblí. Le linn 2009 thug muid tacaíocht don Oifig um Chlárú Cuideachtaí sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus don Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí nuair a rinne muid obair ar a son.

Laghdaigh líon na mball foirne 29% le linn 2009 nuair a tugadh baill foirne ar iasacht do rannóga sa tseirbhís phoiblí a bhí faoi bhrú.

Laghdaigh costas fógraíochta go mór le linn na bliana nuair a spreagadh PAS agus eagraíochtaí eile sa tseirbhís phoiblí, níos mó usáide a bhaint as an suíomh gréasáin www.publicjobs.ie.

Bhí muid in ann na tionscnaimh seo a chur i bhfeidhm mar gheall ar an tiomantas, an dúthracht agus an solúbthacht a léirigh ár mbaill foirne. Ghlac siad leis na hathruithe a tharla, ghlac siad le hobair bhreise agus bhí siad sásta oibriú in eagraíochtaí eile.

Bíonn PAS de shíor ag iarraidh feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí a thugann sé do chliaint agus don phobal agus cuirimid muid féin i gcomparáid leis na comhlachtaí is fearr in earnáil an roghnúcháin agus na hearcaíochta. Lean muid den nós sin in 2009.

Ba mhaith liom ar son an Bhoird, obair an Phríomhfheidhmeannaigh, an tUasal Bryan Andrews, a aithint, agus foireann na hoifige ar fad, maidir le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí ar fad.

An tUasal Eddie Sullivan,
Cathaoirleach,
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Tháinig moratóir an Rialtais maidir le hearcaíocht agus ardú céime sa tseirbhís phoiblí i bhfeidhm i dtús mhí Aibreáin agus dá bharr tháinig laghdú mór ar ghníomhaíocht earcaíochta PAS (.i. feachtais leanúnacha d'earcaíocht chléireachais agus feidhmeannach don tseirbhís phoiblí, feachtais chun painéil d'ardú céime do ghráid státseirbhíse a choinneáil, feachtais leanúnacha chun Gardaí faoi oiliúint a earcú). Cé gur laghdaigh ár leithdháileadh buiséid dá réir agus go raibh orainn an leibhéal foirne a laghdú go mór, tá leibhéal cothrom earcaíochta chuig an tseirbhís phoiblí ann fós, sa chás gur cheadaigh an tAire Airgeadais an earcaíocht sin go háirithe, chun nach mbeadh ach an éifeacht is lú aige ar sheirbhísí poiblí a sholáthar. In ainneoin na ndeacrachtaí sin rinne PAS gach iarracht ionchais ár gcliant a shásamh agus a shárú dá mb'fhéidir agus a chinntiú go bhfuil muid ag cur le luach ar airgead i dtaca le réimse na seirbhísí agus na tacaíochta a thairgimid.

Chuir iarrthóirí ar ardchaighdeán isteach ar phoist mar fheidhmeannaigh shinsearacha agus d'éirigh linn roinnt post an-tábhachtach sa tseirbhís phoiblí a líonadh lena n-áirítear Stiúrthóir Ginearálta nua do FÁS, POF d'Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath agus Stiúrthóir Ginearálta don Institiúid um Riarachán Poiblí. Thug muid tacaíocht fosta don Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil maidir le poist thábhachtacha sa státseirbhís ag leibhéal an Ard-Rúnaí agus an Ard-Rúnaí Cúnta a líonadh. Lean an feachtas náisiúnta chun Baill de Chúltaca an Gharda a earcú ar aghaidh agus d'éirigh go han-mhaith leis in 2009, bliain ina ndearnadh 690 ceapachán. Chuir os cionn 17,000 duine isteach ar an chomórtas d'Oifigeach Cléireachais sealadach agus rinneadh os cionn 550 ceapachán. Líonadh réimse leathan post in earnáil an Údarais Áitiúil, lena n-áirítear poist mar Bhainisteoir Contae, Bainisteoir Cúnta Cathrach, Ceannasaí Airgeadais, Oifigeach Dóiteáin srl.

Rinne muid roinnt mhaith earcaíochta d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FnaSS). Reáchtáil muid feachtais chun iarrthóirí a shainaithint do roinnt post sinsearach mar Stiúrthóir Náisiúnta, Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta agus ag leibhéal réigiúnach. Tar éis teacht ar chomhaontas faoi chonradh na gcomhairleach ospidéal, reáchtáil muid feachtais ar éirigh go maith leo chun poist do chomhairligh ospidéal a líonadh ar fud na tíre agus moladh os cionn 160 duine do cheapacháin. Thug muid tacaíocht freisin d'FnaSS maidir le daoine oiriúnacha a earcú do ról thosaigh lena n-áirítear teicneoirí leighis éigeandála agus rialtóirí leighis éigeandála.

Le linn na bliana d'fhorbair muid an branda **publicjobs.ie** agus mheall muid réimse leathan d'eagraíochtaí a bhfuil maoiniú poiblí acu chun an suíomh a úsáid chun deiseanna earcaíochta a fhógairt. Thug muid tacaíocht seirbhísí comhairliúcháin agus tástála do roinnt mhaith eagraíochtaí seirbhíse poiblí lena n-áirítear Lárionad Ghairm an Altranais, na Fórsaí Cosanta, An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus Údarás Eitlíochta na hÉireann. Bhí muid ag obair i ndlúthpháirt leis an Phríomh-Oifig Staidrimh maidir le hábhar féinmheasúnaithe a fhorbairt a chabhróidh le hearcaíocht agus roghnú agus iad ag ullmhú don dúshlán, Daonáireamh 2011 a reáchtáil. Chuir muid seirbhísí um anailís poist ar fáil do roinnt eagraíochtaí seirbhíse poiblí lena n-áirítear Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir agus An Bord Bia. Mar chuid de chlár cuíchóirithe na nGníomhaireachtaí Stáit chuidigh muid leis na gníomhaireachtaí a athlonnú ar ais sa Roinn Sláinte agus Leanaí agus sa Roinn Cosanta Sóisialta. D'oibrigh muid i gcomhoibriú leis an Roinn Airgeadais maidir le ról PAS a shainmhíniú i dtaca le scéim éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar fáil chun baill foirne a athimlonnú ag gach leibhéal sa státseirbhís.

Forbairt shuntasach i rith na bliana ab ea PAS a bheith páirteach i gcur chuige nua maidir le daoine a cheapadh ar Bhoird an Stáit. D'iarr Comhchoiste an Oireachtais faoi Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha cabhair ó PAS maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh chun feachtas oscailte a réachtáil chun ráitis spéise a lorg do Bhaill de Bhord RTÉ agus d'Údarás Craolacháin na hÉireann. Chuaigh iarrthóirí a roghnaíodh tríd an bpróiseas os comhair Chomhchoiste an Oireachtais i seisiúin phoiblí sular moladh iad do cheapachán. Chuir an Coiste ceithre ainm do gach Bord ar aghaidh chuig an Aire. Modh nua is ea é seo chun ceapachán do Bhoird Stáit a líonadh agus chuir an pobal suim mhór ann. Thug PAS cabhair chomh maith maidir le hiarratais a phróiseáil do Bhoird Stáit eile. (.i. NAMA, FÁS).

Ba mhaith liom moladh speisialta a thabhairt dár mbaill foirne ar fad as a ngairmiúlacht, a solúbthacht, as obair dhian agus as a ndíograis don eagraíocht i rith na bliana seo chuaigh thart. Bhí orainn líon na mball foirne a laghdú mar gheall ar laghdú na hearcaíochta. Baineadh seo amach nuair a haistríodh acmhainní go sealadach chuig Ranna / Oifigí eile agus de bharr an pholasaí gan folúntais a líonadh. Táim buíoch dár mbaill foirne as tacaíocht a thabhairt do PAS trí na deiseanna seo a ghlacadh agus as aistriú go sealadach chuig eagraíochtaí eile le linn na tréimhse seo. Táim buíoch freisin as an solúbthacht a léirigh na baill foirne a d'fhan san eagraíocht agus a chuidigh linn riachtanais ár gcustaiméirí a shásamh, ina measc sin, iarrthóirí, cliaint, baill na mbord agallaimh. Tá sé tábhachtach áfach go ndéanaimid gach iarracht an saineolas agus an ghairmiúlacht lárnach atá riachtanach agus a bhfuil an cumas aige sár-sheirbhís roinnte a sholáthar, a choinneáil, anois agus amach anseo dár réimse leathan cliant sa tseirbhís phoiblí.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair agus don sár-thacaíocht a thug an Bord, faoi mhaoirseacht an Chathaoirligh, Eddie Sullivan dom agus don Bhord Bainistíochta i rith na bliana. Beidh dúshlán mhór i mbliana, 2010 ag PAS agus ag an tseirbhís phoiblí i gcoitinne agus tá mé ag súil go mór le bheith ag obair i ndlúthpháirt leis an Bhord chun dul i ngleic leis na dúshláin seo. Beidh muid i dteagmháil go leanúnach lenár gcliaint lena chinntiú go gcuirimid na seirbhísí is éifeachtaí agus is éifeachtúla ar fáil lena gcuid riachtanas a shásamh agus lena chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as ár n-acmhainní agus ár saineolas a thabharfaidh tacaíocht do chlár trasfhoirmithe na seirbhíse poiblí.

Ní mór dom aitheantas a thabhairt don obair shuntasach a rinne daoine ó réimsí éagsúla agus a bhí ag feidhmiú ar son roinnt mhór earnálacha a fheidhmíonn mar bhaill ar Bhoird Agallaimh do PAS. Is cuid lárnach é den tseirbhís a chuirimid ar fáil dár gcliaint agus dár n-iarrthóirí. Tá an t-ádh orainn go bhfuil daoine den scoth ar fáil againn agus trína saineolas agus a gcumas, cinntítear go ndéanaimid ceapachán atá cothrom agus trédhearcach. Déanann roinnt mhór dóibh seo an obair ar bhun deonach chomh maith lena n-obair laethúil agus ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a thabhairt dá dtiomantas agus dá ndíograis do mhisean agus do shainchúram na Seirbhíse um Cheapachán Phoiblí.

Bryan Andrews
Príomhfheidhmeannach



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Ár Misean

Soláthróidh muid seirbhísí earcaíochta, roghnúcháin agus acmhainní daonna bainteacha ar ardchaighdeán a thacóidh le fás seirbhíse poiblí den scoth.

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i mí Dheireadh Fómhair 2004 nuair a cuireadh críoch le hOifig Choimisiún na Státseirbhíse agus le Coimisiún um Cheapacháin Áitiúla.

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an eagraíocht lárnach a chuireann seirbhísí earcaíochta, measúnaithe agus roghnúcháin ar fáil don Státseirbhís. Cuirimid seirbhísí earcaíochta agus seirbhísí acmhainní daonna bainteacha ar fáil d'Údaráis Áitiúla, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, don Gharda Síochána agus do chomhlachtaí poiblí eile.

Baill an Bhoird

- **An tUasal Eddie Sullivan,**
Cathaoirleach, iar Ard-Rúnaí,
Bainistíocht agus Forbairt na
Seirbhíse Poiblí, An Roinn Airgeadais
- **An tUasal Bryan Andrews,**
Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse
um Cheapacháin Phoiblí
- **An tUasal Michael Errity,**
Rúnaí Cúnta, An Roinn Airgeadais
- **Ms. Breda Power,**
Rúnaí Cúnta, An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
- **An tUasal Des Dowling,**
Rúnaí Cúnta, An Roinn Comhshaoil,
Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- **An tUasal Bernard Carey,**
Rúnaí Cúnta, An Roinn Sláinte agus
Leanaí
- **An tUasal Dan Murphy,** Iar-Ard-
Rúnaí, Cumann Fheidhmeannaigh na
Seirbhíse Poiblí
- **Ms. Bernie Gray,**
Comhairleoir Neamhspleách AD
- **Ms. Michelle Shannon,**
Stiúrthóir Náisiúnta, Seirbhís Cearta
Óige na hÉireann



An Coiste Comhairleach Bainistíochta

- ✦ **An tUasal Bryan Andrews**, Príomhfheidhmeannach
- ✦ **An tUasal Niall Leavy**,
Ceannasaí Taighde agus Forbartha Gnó
- ✦ **Ms. Mary Flynn**,
Ceannasaí na Seirbhísí Earcaíochta
- ✦ **Ms. Áine Gray**
Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe
- ✦ **An tUasal Tommy Quinn**
Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha

A large teal abstract graphic with a white lightning bolt shape pointing towards the right. The graphic is composed of several overlapping, rounded shapes. The text is positioned on the right side of the teal area.

Ár STRAITÉIS do 2008 - 2010

Ár Straitéis do 2008 - 2010

Spríoc Foriomlán: *Cuirfidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí córas gairmiúil earcaíochta ar chaighdeán idirnáisiúnta ar fáil dá gcliainnt ar fud na seirbhíse poiblí.*

Spríoc 1: Córais Earcaíochta agus Roghnúcháin ar Ardchaighdeán

An caighdeán is airde agus na réitigh earcaíochta is éifeachtaí a chinntiú a mheallfaidh na daoine is fearr chuig poist sa tseirbhís poiblí.

Spríoc 2: Bainistíocht an Chaidrimh Dírithe ar an Iarrthóir

Seirbhís a shásóidh agus a sháróidh ionchas a chur ar fáil d'iarrthóirí ar phoist san earnáil poiblí.

Spríoc 3: Oideachas, Taighde, Forbairt agus Tagarmharcáil

A chinntiú go bhfuil seirbhís oideachais agus taighde i bhfeidhm a sholáthróidh eolas cuí agus úsáideach a chuirfidh leis an bhunachar eolais a bhaineann le hacmhainní daonna sa tseirbhís poiblí.

Straitéisí Tacaíochta Inmheánacha a chabhróidh chun na spriocanna seo a bhaint amach

- ◇ Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
- ◇ Dea-chleachtas na nAcmhainní Daonna agus Tacaíocht do Bhaill Foirne
- ◇ Airgeadas agus Rialachas Corparáideach

A large teal abstract graphic with a jagged, lightning-bolt-like shape in the center. The graphic is composed of several overlapping, wavy shapes. The text 'SPRIOC 1' is located in the upper right portion of the teal area, and the main title is in the lower left portion.

SPRIOC 1

Córais Earcaíochta agus Roghnúcháin ar Ardchaighdeán

Córais Earcaíochta agus Roghnúcháin ar Ardchaighdeán

An caighdeán is airde agus na réitigh earcaíochta is éifeachtaí a chinntiú a mheallfaidh na daoine is fearr chuig poist sa tseirbhís phoiblí.

Aithníonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le daoine a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha agus an taithí chuí acu, a fháil agus a shainaithint chun poist a ghlacadh ag gach leibhéal chun go mbeidh todhchaí éifeachtach agus rathúil ag Seirbhís Phoiblí na hÉireann. Aithnímid go bhfuil sé riachtanach go mbeadh cliaint bainteach leis na bpróiseas agus go gcaithfimid ár seirbhísí a chur i bhfeidhm ar dhóigh níos éifeachtaí agus níos éifeachtaí ó thaobh costas de.

Sa bhliain 2009 bhí an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i dteagmháil le gach cliant sa tseirbhís phoiblí ag gach staid den bpróiseas earcaíochta lena chinntiú gur soláthraíodh ár seirbhísí ar an chaighdeán is airde.

De bharr an choisc ar earcaíocht níor líonadh ach poist ar leith (lena n-áirítear roinnt mhaith post ag an ardleibhéal) sa Státseirbhís agus bhí laghdú mór i líon na gcheapachán a rinneadh.

Bhí baint shuntasach leanúnach ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le FnaSS le linn 2009 go háirithe i dtaca le hearcaíocht do Chomhairligh agus do phoist shinsearach eile.

Tá an tÚdarás Áitiúil fós ag iarraidh ar an oifig cabhair a thabhairt maidir le poist a bhfuil tosaíocht acu a líonadh.

Sa bhliain 2009 bhí PAS páirteach don chéad uair sa phróiseas roghnúcháin do cheapacháin ar Bhoird Stáit. Creidimid gur réimse í seo inar féidir ár saineolas a úsáid chun comhaltaí boird ar ardchaighdeán atá tiomanta ar an tseirbhís phoiblí a fháil agus a roghnú.

An Earnáil Státseirbhíse

Le linn na bliana, mealladh 20,000 iarrthóir chun iarratas a dhéanamh ar fholúntais nó ar dheiseanna ina raibh ardú céime ar fud na Státseirbhíse. Tar éis an choisc ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí níor líonadh ach poist riachtanacha; dá bharr sin tháinig laghdú mór ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí.

Reáchtáil PAS feachtas mór d'Oifigigh Chléireachais shealadacha (fuarthas beagnach 17,000 iarratas) agus feachtas d'Oifigeach Foirne sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus teaghlaigh i mBun Cranncha.

Bhí PAS páirteach i mbaill foirne a ath-implonú sa státseirbhís. B'éigean baill foirne nach raibh gá leo i Roinn/Oifig, a

aistriú chun folúntais arbh éigean a líonadh i Roinn/Rannóg eile.

Líonadh roinnt post sinsearach bainistíochta a raibh gá leo sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí chomh maith trí phróiseas iomaíoch le linn na bliana. Ina measc:

- Ball de Stiúrthóireacht na nGardaí
- Stiúrthóir Cúnta um Sheirbhísí Comhréitigh sa Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais
- POF Ainmnithe, An Ghníomhaireacht Tithíochta & um Phobal Inbhuanaithe
- POF Ainmnithe, An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
- Stiúrthóir, Údarás an Iarthair Láir
- POF Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath
- POF Coiste Gairmoideachais Cheatharlach

- POF Coiste Gairmoideachais Chontae Lú
- Ard-Stiúrthóir - FÁS
- POF – An tÚdarás Comhionannais
- Stiúrthóir Aistriúcháin, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- Bainisteoirí Ceantair d'Aonad an Chósta i nGardaí Cóta na hÉireann
- Ceannasaí na Rannóige Stiúrtha, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Earcaíocht an Gharda Síochána

Mheall Cúltaca an Gharda Síochána roinnt mhaith daoine agus próiseáladh iarratais go leanúnach le linn 2009. Ceapadh duine mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais chomh maith.

Cabhair don Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC)

Leanann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar aghaidh ag cuidiú le TLAC iarratasóirí a roghnú do phoist ag an leibhéal is sinsearaí sa Státseirbhís. Reáchtáladh na feachtais seo a raibh próifíl ard acu le linn 2009 a chabhraigh le TLAC poist shinsearacha a líonadh sna ranna seo:

- ◇ An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha
- ◇ Oifig na nOibreacha Poiblí
- ◇ An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
- ◇ An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil
- ◇ Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- ◇ An tSeirbhís Chuirteanna
- ◇ An Roinn Gnóthaí Eachtracha
- ◇ Stiúrthóir Met Éireann
- ◇ An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Earnáil na nÚdarás Áitiúil

Tháinig laghdú mór in earcaíocht in earnáil an Údarás Áitiúil. Líonadh na poist riachtanacha seo:

- Ceannasaí Airgeadais
- Oifigeach Dóiteáin
- Innealtóir
- Pleanálaí
- Leabharlannaí
- Gníomhaire Dlí

Le linn na bliana mheall an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí réimsí iarrthóirí ar ardchaighdeán chun poist a líonadh mar Bhainisteoir Cúnta Contae i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus mar Bhainisteoir Contae i gComhairle Contae an Chláir.

An Earnáil Sláinte

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ina chliant tábhachtach go fóill ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Lean an socrú a rinneadh cheana le FnaSS inár ceapadh bainisteoir sinsearach ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le comhairle a thabhairt ar gach gné a bhain le hearcaíocht agus roghnúchán agus le Gairm-Shíceolaí ar iasacht chun comhairle agus seirbhísí gairmiúla a sholáthar ar bhonn náisiúnta, i 2009. Baineadh leas mór as an socrú seo agus tuigtear go leanfaidh an socrú ar feadh tamall gearr eile.

Le linn na bliana bhí baint ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le hearcaíocht feidhmeannach sinsearach do phoist i FSS. I measc na bpost tábhachtacha seo atá lárnach ó thaobh rath Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sa todhchaí tá:

- Ceannasaí an Phreasa agus an Chaidrimh leis na Meáin
- Stiúrthóir Náisiúnta TEF
- Stiúrthóir Náisiúnta um Phleanáil agus Fheidhmíocht
- Stiúrthóir Náisiúnta na nOibríochtaí
- Stiúrthóir Náisiúnta – Cúram agus Caighdeán Cliniciúil
- Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta

- Stiúrthóir na nOibríochtaí Réigiúnacha
- Ceannasaí Seirbhísí Dlí
- Speisialtóirí Dlí

In éineacht leis na poist riaracháin shinsearachta seo, lean an eagraíocht ar aghaidh ag earcú pearsanra leighis agus paraimhíochaine ar ardchaighdeán d'ospidéal agus do shaoráidí leighis ar fud na tíre lena n-áirítear roinnt mhaith post mar Chomhairligh Ospidéal. Ina measc bhí:

- 169 Comhairleach Ospidéal
- 3 Oifigeach Sinsearach Leighis Ceantair
- 3 Radharc-Lia Pobail
- 8 bhFisiceoir
- 1 Cógaiseoir
- 1 Bithcheimiceoir
- 1 Stiúrthóir Altranais
- 15 Síceolaí
- 1 Teicneoir Sinsearach in Innealtóireacht Chliniciúil

Tá PAS ag tabhairt tacaíocht d'FnaSS maidir le cur síos ar phoist / próifíl inniúlachta do phoist bainistíochta áirithe i roinnt réimsí seirbhíse de chuid FnaSS agus i rannóga feidhmíochta. Is é an sprioc ná tabhairt faoi chlár Anailíse Poist i dtimpeallachtaí oibre ar leith sa tseirbhís sláinte chun eolas, scileanna agus tréithe coitianta agus lárnacha a bhunú a chuirfidh ar chumas creatlach inniúlachta speisialaithe a ullmhú gur féidir a mhúnlú a bheidh de réir chlár bunathraithe FnaSS agus eile. Moladh dhá réimse chun díriú orthu ar dtús .i. timpeallacht ospidéal (Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir) agus b'fhéidir réimse i gCPPL. Críochnaíodh an Anailís Poist ar dhá ról déag bainistíochta in Ospidéal Uí Chonghaile i Mí na Nollag agus cuireadh tuairisc chuig FnaSS ag cur síos ar na hinniúlachtaí a theastaíonn d'fheidhmíocht sna ról bainistíochta. Tá cúrsa oiliúna ar theicnící Anailíse Poist do bhainisteoirí sinsearach beartaithe do Mhí Eanáir 2010.

Cabhair a thabhairt leis an Phróiseas Roghnaithe do Bhoird Stáit

D'iarr Comhchoiste an Oireachtais faoi Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha ar PAS ráitis spéise a lorg ó Bhaill de Bhord RTE agus ó Údarás Craolacháin na hÉireann. Tar éis páipéarachas a scagadh, eagraíodh agallaimh gearrliostaithe agus réamhagallaimh (thug PAS tacaíocht) . Chuaigh iarratasóirí a roghnaíodh tríd an bpróiseas os comhair Chomhchoiste an Oireachtais faoi Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha ar an 16 Mí na Nollag i seisiún poiblí sular moladh iad do cheapachán. Cuireadh 4 ainm do gach Bord ar aghaidh chuig an Aire.

Modh nua é seo chun ceapacháin do Bhoird Stáit a líonadh agus chuir an pobal suim mhór ann.

Thug PAS cabhair chomh maith maidir le hiarratais a phróiseáil do Bhoird Stáit eile.

Seirbhísí Comhairleacha agus Tástála sa Bhreis

Soláthraíodh réimse breise seirbhísí comhairliúcháin agus tástála do chomhlachtaí seirbhíse poiblí i 2009. Tá siad pléite thíos:

- ◇ Reáchtáladh feachtas inmheánach d'Oibreoir Ríomhaire / Ríomhchláraitheoir don Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh.
- ◇ Reáchtáladh feachtais do na poist seo: Bainisteoir Measúnaithe, Eolaí Faisnéise, Comhairleoir Dlí, Staitisteoir/ Matamaiticeoir, Ceannasaí na Teicneolaíochta Sláinte (Taighde agus Pleanáil), Eacnamaí Sláinte Sinsearach agus Ceannasaí na Teicneolaíochta Sláinte san Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
- ◇ Próiseáladh os cionn 1800 iarratas ar phoist mar altraí foghlama

- 'lánfhásta' ar son an Lárionaid um Ghairmeacha Altranais.
- ◇ Thug PAS tacaíocht freisin don Phríomh-Oifig Staidrimh maidir le hÁiritheoirí, Maoir Allamuigh agus Bainisteoirí Sinsearacha a earcú don Daonáireamh. Trí cheardlanna, ceapadh ceistneoirí féinmheasúnaithe chun iarratasóirí a mbeadh suim acu, a spreagadh maidir le smaoineamh faoi riachtanais ról an Áiritheora agus an Mhaoir Allamuigh roimh iarratas a dhéanamh. Tugann na ceistneoirí féinmheasúnaithe seo eolas cuimsitheach faoi na dúshláin a bhí ag na baill foirne seo.
 - ◇ Reáchtáladh feachtas do Chomhraiceoir Dóiteáin inmheánach in Udarás Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir.
 - ◇ Soláthraíodh seirbhís scagtha d'FnaSS do Rialtóir Éigeandála Leighis (bhí na tástálacha ar siúl i mí na Bealtaine) agus Teicneoir Éigeandála Leighis (bhí na tástálacha ar siúl i mí Feabhra agus i mí Mhárta).
 - ◇ D'iarr an Roinn Gnóthaí Eachtracha ar PAS Scrúduithe Náisiúnta Iomaíochta Earcaíochta an AE (NCRE) 2009 a reáchtáil. Is féidir dul isteach san AE ag leibhéal P2 i bpoist a dháiltear ó thaobh na tíreolaíochta de i Rúnaíocht an AE, de bharr na NCREnna. Bhí na NCREnna ar siúl ar fud an domhain i mí Feabhra agus d'eagraigh PAS na tástálacha in Éirinn.
 - ◇ D'iarr an Chomhairle Gairmithe Sláinte agus Cúram Sóisialta ar PAS dhá phost ag leibhéal POC (Ceannasaí Cláraithe agus Oideachais agus Ceannasaí Gnóthaí Díl agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh) a líonadh.
 - ◇ Iarradh ar PAS tástálacha roghnaithe a stiúradh d'Fheidhmeannacht Eitlíochta d'Udarás Eitlíochta na hÉireann. Rinneadh na tástálacha den 108 iarratasóir ar an 21 agus 22 Aibreán.
 - ◇ Don chéad uair thug an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí cabhair do na Fórsaí Cosanta maidir le daltaí a earcú. Sholáthair PAS Ord Fiúntais do na Fórsaí Cosanta tar éis scrúdaithe ina raibh spriocam dian. Bhí PAS páirteach i dtástálacha béil agus uimhriúla a sholáthar agus i gcleachtaí postaistrithe nua a fhorbairt, tástálacha a riar agus a scóráil agus i mbaill de bhoird agallaimh a oiliúint don bhord agallaimh deiridh.
 - ◇ Reáchtáil PAS cúrsa oiliúna i mBéal Feirste ar shon Choimisiún Ceapacháin Díl Thuaisceart Éireann (NIJAC) ar rólghlacadh a úsáid i roghnú. Ceapadh an cúrsa idirghníomhach seo ar chóras roghnaithe nua don ról mar Bhreitheamh Cúirte Contae. Bhí an t-aiseolas ó thoscáirí agus ón bhainistíocht ag NIJAC an-dearfach agus fuarthas cuireadh ó shin i 2010, obair mar an gcéanna a dhéanamh.
 - ◇ D'iarr an Roinn Sláinte agus Leanaí ar PAS an próiseas athimeasctha a stiúradh maidir le dhá ghníomhaireacht faoina gcúram (.i. An Chomhairle Náisiúnta Aosúcháin agus an Chomhairle um Shláinte Ban). Rinneadh sin chun gurbh fhéidir le baill foirne ó na gníomhaireachtaí sin cur isteach ar phoist bhunaithe sa státseirbhís. Is é a bhí i gceist ná bo(i)rd measúnóirí ag plé le doiciméadúchán faoi scileanna an duine, inniúlachtaí agus leibhéal taithí agus cinneadh a dhéanamh faoin leibhéal/grád ar chóir dóibh tosú aige.
 - ◇ Fuarthas iarratas ar chabhair ó An Bord Bia, faoi fhorbairt inniúlachtaí mar bhunús earcaíochta. Eagraíodh ceardlann le bainisteoirí sinsearacha de chuid Bord Bia chun na scileanna a theastóidh san eagraíocht sa todhchá a

shainaithe idir an dá bhliain agus na cúig bliana amach romhainn. I gcomhpháirtíocht le PAS sainaithníodh na scileanna seo de réir an iompar a theastaíonn ó Bhainisteoirí Rannóg / Speisialtóirí i Margaíocht Trádála. Chomh maith le sin tógadh sonraí faoi ghníomhaíochtaí forbartha i ngach réimse scile atá dírithe ar an todhchaí agus úsáidfear an t-eolas seo chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt foirne.

- ◇ Thug an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comhairle agus cabhair mar a hiarradh d'fhorais san earnáil phoiblí a dhéanann a n-earcaíocht féin, chomh maith le hOiliúint Agallaimh agus áiseanna agallaimh a chur ar fáil.

Seirbhísí Eile

- ◇ Thug PAS faoi thionscadal chun cabhair a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí maidir le Bunachar Sonraí um Sheoltaí Tagartha do chomhlachtaí cláraithe agus d-ainmneacha gnó. Cuideoidh an tionscadal um shonraí a ghlanadh le caighdeán sonraí a fheabhsú agus leis na roghanna do chomhdú leictreonach a úsáid agus laghdóidh sé an costas a bhaineann le foirmeacha a líonann cliant de chuid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí. Chuidigh an ríomhchomhdú san Oifig um Chlárú Cuideachtaí go mór maidir le hualach oibre atá ag méadú a láimhseáil agus is féidir baill foirne a aistriú chun cabhair a thabhairt in áiteanna eile sa Roinn atá faoi bhrú. Cuireadh deichniúr ball foirne ó PAS ag obair ar an tionscadal seo.
- ◇ Mar chuid dar dtiomantas do sheirbhísí comhroinnte rinne PAS suirbhé faoi na baill foirne do Sheirbhís na gCúirteanna. Dhear, thóg agus chuir foireann an tionscadail i gcomhoibriú le Seirbhís

na Cúirte, Suirbhé Foirne do Sheirbhís na Cúirte. D'éirigh thar barr leis an suirbhé ar an suíomh gréasáin agus ghlac a lán daoine páirt ann. Bhí an t-aiseolas a fuarthas ó Sheirbhís na gCúirteanna an-dearfach.

Seirbhís a Fhorbairt um Earcaíocht Feidhmeannaach

Lean feidhmeannas taighde ar leith ar aghaidh sa bhliain 2009 chun tacaíocht a thabhairt d'fheachtais Earcaíochta d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha agus forbraíodh roinnt tionscadal eile lena n-áirítear an Bunachar Sonraí do Bhainistíocht Shinsearach / Feidhmeannaigh. Uirlis luachmhar a bheidh ann don eagraíocht ó thaobh an úsáid is fearr a bhaint as ár n-eolas faoi iarrthóirí. Cuirfidh sé ar ár gcumas:

- ◇ cliant a sholáthar le seirbhís roghnaithe den scoth san earnáil phoiblí
- ◇ cabhair a thabhairt maidir le bainisteoirí agus gairmithe den scoth a shainaithe agus a mhealladh ó earnálacha eile chuig an tSeirbhís Phoiblí;
- ◇ acmhainn taighde ar ardchaighdeán a bhunú agus a fhorbairt ó thaobh struchtúir eagraíochta inmheánacha agus sheachtracha agus foinsí d'fheidhmeannaigh ar ardchaighdeán a mhapáil, a chumadh agus a thuiscint.

Tá bunachar sonraí againn ar 35,000 duine ó os cionn 5,600 eagraíocht.

Lean an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar aghaidh le ceistneoirí pearsantachta agus le próifíliú iarrthóirí a chur i bhfeidhm sna feachtais a bhaineann le hearcaíocht d'fheidhmeannaigh shinsearacha. Bhí na boird roghnúcháin an-sásta leis an luach sa bhreis a chuireann na próifíliú leis an bpróiseas. Fuarthas aiseolas an-dearfach ó iarrthóirí freisin. Thug an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí isteach saoráid chostéifeachtach ar líne chun na ceistneoirí pearsantachta a riar agus a bhainistiú.

Uirlisí agus Modhanna Roghnúcháin a Fhorbairt

Ta an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun tosaigh maidir le modhanna nua a úsáid le hiarrthóirí a mheas do phoist sa tSeirbhís Phoiblí agus úsáid a bhaint astu chun feabhas a chur ar an bpróiseas earcaíochta. Ghlac an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le timthriall feabhsaithe leanúnach maidir le modhanna measúnaithe agus tá sé mar aidhm acu leabharlann chuimsitheach de thástálacha a fhorbairt a thacóidh le clár earcaíochta atá an-solúbtha. Dá bharr sin tharla forbairtí sna réimsí seo sa bhliain 2009: tástáil leictreonach, athbhreithnithe ar fheachtais, forbairt tástála.

Straitéis um Thástáil Leictreonach

Le linn na bliana 2008 agus 2009 tógadh banc sonraí suntasach ina raibh 25 triail chomhthreormhar ag leibhéal an oifigh chléireachais. Nuair a forbraíodh an banc sonraí ba é an chéad chéim eile na trialacha nua a aistriú isteach san ardán Testwise. Bhí obair shuntasach i gceist leis seo mar gurbh éigin bogearraí nua a dhearadh lena chinntiú go dtarlódh an t-aistriú i gceart; tá seo críochnaithe anois agus tá na trialacha ar fáil más gá.

Athbhreithnithe Feachtais agus Forbairt Tástála

Forbraíodh córas féinmheasúnaithe trialach agus Uirlis Gairme agus cuireadh ar fáil iad ar publicjobs.ie sa bhliain 2009. Ba é cuspóir an tionscadail ná iarrthóir ar chaighdeán níos fearr a chinntiú trí eolas maith a thabhairt do dhaoine ar an fheidhmíocht is dócha a bhainfeadh siad amach i dtrialacha fíora.

Tar éis trialacha féinmheasúnaithe a fhorbairt d'iarratasóirí a chuirfeadh isteach ar phoist chléireachais, forbraíodh Cleachtadh Postaitrise d'Oifigeach Feidhmiúcháin don Chóras

Féinmheasúnaithe. Is é atá i gceist sa Chleachtadh Postaitrise ná cásanna a bheadh cosúil leo siúd a tharlódh sa ról. Bíonn cruacheist i gceist agus bíonn ar an iarrthóir rogha amháin a dhéanamh as cúig rogha faoi mar a dhéanfadh siad dá mbeadh cruacheist rompu. De ghnáth bíonn bailíocht ag Postaitrise agus tá iarrthóirí den tuairim go bhfuil feidhm acu.

Thug na hathruithe suntasacha oibre i PAS sár-dheis athbhreithniú a dhéanamh ar mhodhanna roghnúcháin, an t-agallamh san áireamh. San athbhreithniú cuireadh eolas le chéile ó thagarmharcáil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus cinntíodh dea-thuisctint ar chleachtas san earnáil phoiblí in Éirinn agus cinnteofar dea-chleachtas agus éifeachtúlacht le chéile.

Dílárú – An Lárshaoráid Iarratas

Le linn na bliana lean an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar aghaidh ag tabhairt cabhrach don Roinn Airgeadais maidir le hiarratais ar dhílárú a bhailiú faoin chlár díláraithe. Mar gheall ar thuarascálacha agus staitisticí a cruthaíodh, bhí an oifig in ann a chinntiú go raibh ranna agus oifigí aonair in ann a gcláir díláraithe féin a chur chun cinn go héifeachtach.

Monatóireacht a dhéanamh ar ár Seirbhís do Chustaiméirí

Cur i bhFeidhm Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí 2008-2010

Rinneadh athbhreithniú agus uasghrádú ar ár bPlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí do 2008-2010 i 2009. Tá na doiciméid seo ar fáil ar publicjobs.ie.

Aithnítear an tábhacht atá i gcinntiú go bhfuil gach ball foirne ar aon eolas go hiomlán faoinár gcaighdeán seirbhíse agus an tábhacht a bhaineann leis na caighdeáin seo a bhaint amach. Cuireadh ábhar an Phlean Gníomhaíochta agus an Chairt

chun cinn ag cruinnithe eolais do gach ball foirne i 2009.

Ó thús na bliana 2005 tá clár cuimsitheach measúnachta i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar ár gcaighdeáin seirbhíse éagsúla a fhoilsítear in ár bplean gníomhaíochta do chustaiméirí. Le linn 2009 eisíodh suirbhéanna cuimsitheacha seachtracha agus ar líne d'iarrthóirí, do chliant, do bhaill na mbord roghnúcháin agus do bhaill foirne.

- **Suirbhé na nIarrthóirí**

Le linn na bliana chomhlíon 1200 iarrthóir suirbhéanna d'iarrthóirí faoi leibhéal na seirbhíse a chuir an oifig ar fáil dóibh. Léirigh an suirbhé seo go raibh daoine an-sásta leis an tseirbhís a fuair siad ó bhaill foirne agus le caighdeán an phróisis earcaíochta.

- **Suirbhé na gCliaint**

Iarradh ar gach cliant a d'úsáid ár seirbhís i 2009 páirt a ghlacadh i suirbhé ar líne i mí na Nollag.

Léirigh an t-aiseolas ón suirbhé go raibh daoine an-sásta le publicjobs.ie agus leis an tsli ar phléigh baill foirne na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí le hiarrthóirí.

- **Suirbhé Chomhaltaí an Bhoird Agallaimh**

Tá an grúpa daoine a fheidhmíonn mar chomhaltaí ar na boird agallaimh an-tábhachtach maidir leis an chabhair a thugann siad don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i seachadadh a seirbhísí. Sa bhliain 2009 léirigh torthaí suirbhé ar líne an ghrúpa seo sástacht shuntasach leis an tseirbhís a sholáthair foireann na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus shonraigh 95% díobh go raibh an tseirbhís maith nó sár-mhaith.

- **Nótaí Tráchtá na gCustaiméirí**

Sa bhliain 2009 scrúdaigh muid na nótaí tráchtá ar fad a comhlíonadh agus chuir

muid moltaí ar aghaidh chuig na rannóga cuí chun iad a phlé.

Sa mhéid is go n-aithnítear nach dtagann toradh ann féin ó shuirbhéanna, ó phainéil agus ó mhonatóireacht leanúnach, chuir an eagraíocht plean gníomhaíochta i bhfeidhm i 2009 chun tabhairt faoi cheisteanna a tháinig chun cinn sna suirbhéanna éagsúla. Seo thíos cuid de na forbairtí a cuireadh i bhfeidhm in 2009 de bharr aiseolais ó chustaiméirí:

Iarrthóirí

Forbraíodh trialacha féinmheasúnaithe chun gur féidir le daoine tuiscint a fháil ar an gcumas a d'fhéadfaí a bheith acu i dtrialacha feidhmíochta. Cuireann na trialacha seo atá ar fáil ar publicjobs.ie leis an tseirbhís atá ar fáil d'iarrthóirí. Tar éis scéim phiolótach rathúil, tá sé beartaithe na trialacha d'iarchéimithe (a forbraíodh cheana) a chur ar fáil ar publicjobs.ie.

Comhaltaí an Bhoird Roghnúcháin

Cuireadh áiseanna lónadóireachta nua ar fáil do Chomhaltaí an Bhoird Roghnúcháin; fuarthas aiseolas an-dearfach faoi na socruithe nua.

Áiseanna

Forbraíodh agus cuireadh Plean Éigeandála Dul Amach do chustaiméirí a bhfuil míchumas orthu i bhfeidhm sa bhliain 2009. Cuireadh réimse Acmhainní Comhionannais sa bhreis i bhfeidhm chomh maith.

Seirbhís Teileafóin

Cuireadh baill foirne sa bhreis in áit don Deasc Chabhrach nuair a bhí STAR a chur i bhfeidhm(féach Ich 26).



SPRIOC 2 BAINISTÍOCHT AN CHAIDRIMH DÍRITHE AR AN IARRTHÓIR

Bainistíocht an Chaidrimh Dirithe ar an Iarrthóir

Seirbhís a shásóidh agus a sháróidh ionchas a chur ar fáil d'iarrthóirí ar phoist san earnáil phoiblí.

Rud an-luachmhar is ea é a bheith in ann teacht ar iarrthóirí atá ar ardchaighdeán agus ní mór é sin a chothú. Tuigimid go bhfuil gá le bainistiú gairmiúil a dhéanamh ar an gcaidreamh straitéiseach luachmhar seo. Tá tús curtha againn le tionscnaimh nua agus rinneamar forbairt ar ár gcuid córas agus seirbhísí le go mbeadh teacht ag iarrthóirí ar fhaisnéis den scoth agus le go mbeadh teagmháil phearsanta acu chun iad a spreagadh le tabhairt faoi ghairm bheatha leis an tseirbhís phoiblí.

Publicjobs.ie a fhorbairt

Cuireadh clár rialtais leictreonaigh (eGovernment) na hoifige chun cinn go mór i rith na bliana. Thosaigh an Clár Roghnaithe, Tástála, Measúnaithe agus Earcaíochta (STAR) i mí na Samhna. Is éard atá i gceist leis an tionscadal seo ná seirbhísí a fhorbairt do chustaiméirí agus don fhoireann tríd an láithreán gréasáin publicjobs.ie.

Lean an laghdú suntasach i méid na bhfógraí nuachtáin a cuireadh isteach agus sna hiarratais ionchasacha a cuireadh chuig publicjobs.ie. Spáráladh go leor airgid leis an gcur chuige sin agus ní dhearna sé aon difear do líon ná do chaighdeán na n-iarratas a fhaightear.

Spreagadh comhlachtaí seirbhíse poiblí eile chomh maith chun publicjobs.ie a úsáid chun folúntais a bheadh acu a fhógairt.

Comhionannas agus Éagsúlacht

Tionscnaimh a bhaineann le Comhionannas agus Éagsúlacht

Tugadh isteach nó cuireadh chun cinn raon tionscnamh in 2009 lena n-áirítear:

- ◇ D'oibrigh PAS leis an Roinn Airgeadais le héascaíocht a dhéanamh do 'shonrúcháin oibre' do dhaoine atá faoi mhíchumas

- ◇ Rinneadh forbairt ar Phlean Éigeandála Éalaithe in 2009 chun gur féidir le custaiméirí a bhfuil míchumas acu an áit a fhágáil go sábháilte; cuireadh gach ball foirne ar an eolas faoina bhfreagracht faoin bPlean seo.
- ◇ Eagraíodh feachtais eolais in éineacht leis an tSeachtain Náisiúnta Frithchiníochais agus Lá Idirnáisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- ◇ Cothaíodh ról an Oifigigh Idirchaidrimh Mhíchumais (DLO) i rith na bliana agus reáchtáladh cruinnithe le gach ball foirne atá faoi mhíchumas.

Monatóireacht

Bhuail an Coiste Faire/Rochtana Comhionannais le chéile i rith na bliana chun monatóireacht a dhéanamh ar a mhéid is a chloítear le ceanglais an Achta Míchumais, lenár mBeartaíocht féin um an gComhionannas agus an Éagsúlacht agus leis an gCód Cleachtais um Dhaoine atá faoi Mhíchumas a Fhostú. Cuireadh tuairiscí faoi chomhlíonadh cheanglais an Achta Míchumais agus cheanglais an Bheartais um an gComhionannas agus an Éagsúlacht faoi bhráid an choiste, agus go dtí seo cloíodh le gach gné den dá cheann acu sin. Ní bhfuarthas aon ghearáin ná ceisteanna i dtaca le cúrsaí rochtana go dtí

seo. Foilsíodh gach foilseachán i bhformáid inrochtana mar a éilíodh.

Clár Bainistíochta um Chaidreamh le hlarrthóirí


Rinneadh forbairt ar ár gClár Bainistíochta Caidrimh le hlarrthóirí chun feabhas a chur ar na háiseanna atá ar fáil d'iarthóirí agus don gcaidreamh a dhéantar leo. In 2009 rinneadh suirbhé faoi na cúiseanna nár fhreastail iarthóirí ar thástálacha mar gur fadhb í seo le cúpla bliain agus líon mór iarthóirí nach bhfreastalaíonn ar thástálacha tar éis socruithe a bheith déanta. Cuireadh an suirbhé chuig gach iarratasóir a chuir isteach ar phost mar Oifigeach Príosúin faoi Oiliúint nár fhreastal ar an tástáil (48% den iarratasóirí). Sainaithníodh na príomhcúiseanna nár fhreastail daoine ar na tástálacha agus rinneadh socruithe chun tabhairt faoi na ceisteanna sin.

Comhlíonadh Teangacha Oifigiúla

Tá socruithe déanta ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun a cuid seirbhísí a chur ar fáil as Gaeilge, faoi mar a aontaíodh sa scéim faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. De réir ár Scéime féin, rinneamar gach foilseachán agus póstaer a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla. Choinníomar liosta de na baill foirne sin atá in ann seirbhís a chur ar fáil don phobal as Gaeilge agus as Béarla.

Bhunaigh PAS uirlis soláthair ar líne um Aistriú Gaeilge dar teideal Mearfhocal in 2009. Dearadh an uirlis soláthair seo chun cabhrú leis an oifig maidir le réimse seirbhísí aistriúcháin agus eile a sholáthar. Tugadh cuireadh do gach Aistritheoir Gaeilge atá faofa ag *Foras na Gaeilge* clárú le *Mearfhocal* nuair a bunaíodh é.

Oideachas, Taighde, Forbairt



Oideachas, Taighde, Forbairt agus Tagarmharcáil

A chinntiú go bhfuil seirbhís oideachais agus taighde i bhfeidhm a sholáthróidh eolas cuí agus úsáideach a chuirfidh leis an bhunachar eolais a bhaineann le hacmhainní daonna sa tseirbhís phoiblí.

Tuigeann PAS go gcaitear a bheith céim chun tosaigh ar fhorbairtí i gcúrsaí earcaíochta agus roghnúcháin, go gcaitear a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh dea-chleachtais agus go gcaitear ár gcuid saineolais a roinnt le cliant agus le páirtithe leasmhara eile.

An Painéal um Chomhairle Taighde

Chuir PAS tús le Painéal um Chomhairle Taighde in 2005 chun cuidiú le cúrsaí roghnúcháin, measúnachta agus forbartha sa tseirbhís phoiblí a chur chun cinn trí phlé agus díospóireacht a chothú i dtaca le ceistanna a bhaineann le heagraíochta seirbhíse poiblí agus le cleachtóirí Acmhainní Daonna i gcoitinne trí chéile. Bainisteoirí sinsearacha Acmhainní Daonna agus saineolaithe ón Státseirbhís/Seirbhís Poiblí, eagraíochtaí acadúla agus an earnáil príobháideach atá ar an bpainéal sin.

Tá an tionscadal reatha ar Inniúlachtaí Ceannaireachta sa tSeirbhís Phoiblí de réir sprice. Rinneadh suirbhé ar líne ar úsáid inniúlachtaí sa tSeirbhís Phoiblí chun cabhair eolais a thabhairt don tionscadal seo. Thaispeán an suirbhé go bhfuil cuid mhór eagraíochtaí a ghlac páirt ag úsáid inniúlachtaí agus go mbeadh an chuid is mó acu i bhfábhar sraith inniúlachtaí don tSeirbhís Phoiblí agus Uirlis Inniúlachta PAS a fhorbairt. Scrúdaigh Grúpa Saineolaithe ar inniúlachtaí ina raibh roinnt de na saineolaithe is mó le rá sa domhan ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, an dréacht-chreatlach inniúlachtaí.

Taighde Eile

Rinne mac léinn mháistreacht a Síceolaíocht Ceirde ó Ollscoil Sheffield taighde le PAS maidir le húsáid an

Cheistneora um Phearsantacht Ceirde mar chuid den phróiseas roghnúcháin do phoist ardbhainistíochta.

Scrúdaigh an taighde seo an ceangal idir próifíl na n-iarrthóirí agus a measúnú san agallamh agus sainaitheint a dhéanamh ar aon treocht ginearálta i bpróifíl na ndaoine ó earnálacha éagsúla agus a bhfuil taithí ag leibhéal agus de chineál éagsúil acu. Thug an taighde léargas níos fearr ar phróifíl pearsantachta na ndaoine a bhí ag cur isteach ar phoist arleibhéal agus na cineálacha saintréithe a chuireann le rath sa phróiseas.

Rinneadh measúnú ar an phróiseas roghnúcháin d'Altranas do Dhaoine Fásta agus tugadh na torthaí do Bhord an Bhoird Altranais go mall in 2009. Mhol PAS don Bhord cleachtadh postaitrise a úsáid. Glacadh leis seo agus cuireadh moltaí chuig An Bord Altranais an obair seo a dhéanamh go luath in 2010.

Toscaireachtaí ar cuairt

I rith na bliana lean an oifig uirthi ag cur fáilte roimh eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhí ag iarraidh cuairt a thabhairt ar ár gcuid áiseanna agus tuilleadh eolais a fháil ar an gcur chuige atá againn maidir le hearcaíocht agus roghnúchán. Cuireadh fáilte fhial roimh thoscaireachtaí ó:

- ◇ An Bheilg
- ◇ An tSeirbia
- ◇ An Fhionlainn

◇ An Bhulgáir

Tagarmharcáil Idirnáisiúnta

Aithníonn PAS go gcaitear feidhmiú de réir slat tomhais a thomhaiseann eagraíochtaí eile a aithnítear a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh earcaíochta agus roghnúcháin de. Trí fhoghlaim ó eagraíochtaí eile, is féidir clár feabhsúcháin leanúnaigh a chur i bhfeidhm san oifig. I rith 2009 rinneadh an-dul chun cinn le próiseas na slat tomhais sin nuair a rinne baill na hoifige teagmháil fhoirmiúil le comhghleacaithe sna háiteanna seo a leanas:

- Tuaisceart Éireann
- An Ríocht Aontaithe
- An Bheilg
- Ceanada

Saineolaí Náisiúnta leis an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO)

Lean an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar aghaidh ag cur Saineolaí Náisiúnta ar fáil le hoibriú le EPSO sa Bhruiséil. Cé gur infheistíocht nach beag atá ann thar ceann na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí,

aithníonn sé an tábhacht mhór a bhaineann lena chinntiú go bhfuil ionadaíocht mhaith ag Éirinn san Aontas Eorpach sa Bhruiséil.

Thionóil PAS cruinniú na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO) de chuid Líonra na Saineolaithe Earcaíochta san Earnáil Phoiblí ó gach ballstát i Meán Fómhair in ár n-oifigí in Áras na Caibidle.

Príomhláithreoirí ag Comhdhálacha Náisiúnta/Idirnáisiúnta

Lean an oifig ar aghaidh ag scaipeadh torthaí taighde agus saineolais áirithe earcaíochta ag comhdhálacha éagsúla.

Rinne ball d'fhoireann na Síceolaithe Gairme cur i láthair dar teideal “*Testing people with disabilities: what works?*” ag an “European Association of Work and Occupational Psychology in conjunction with Kenexa”.

Léiríonn an páipéar cuid den léargas ó thorthaí na dtástálacha ar líne a húsáideadh chun tástáil a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas.

A large, abstract teal graphic with a white lightning bolt shape on the left side, serving as a background for the title.

Straitéisí Tacaíochta Inmheánacha

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Aithníonn PAS tábhacht chriticiúil fhorbartha agus chothabhála na Teicneolaíochta Faisnéise ar féidir léi tacú le gnó na hoifige agus le reáchtáil éifeachtach mhórghnó earcaíochta. Déanadh a lán dul chun cinn i réimse ICT in 2009, lena n-áirítear:

- ◇ An feidhmchlár STAR, a chuir go mór leis an tslí a ndéanann PAS a ghnó, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tháinig STAR (Selection, Testing Assessment and Recruitment) i bhfeidhm ar an 5ú Samhain 2009. Seo an tríú céim in ár gclár r-sheirbhísí rud a chuir ar ár gcumas feabhas a chur ar ár gcóras agus roghanna éagsúla féinseirbhíse do chliant agus d'iarrthóirí a sholáthar. Dearadh é chun gur féidir le PAS an próiseas iomlán earcaíochta a bhainistiú agus a chomhlíonadh. Roimhe seo bhí roinnt córas agus próiseas láimhe in úsáid ach soláthraíonn STAR feidhmchlár agus bunachar sonraí amháin. Beidh próisis gnó níos éifeachtaí mar thoradh air agus beidh stór eolais amháin agus tuairisciú níos fearr ar fáil. Beidh seirbhís níos éifeachtaí ar fáil do chliant de bharr na bhforbairtí seo.
- ◇ Tacaíocht bheo roimh ré agus iarthacaíocht de thionscadal STAR ó thaobh an ghréasáin, na gcruaearra agus na slándála TF de.
- ◇ Cuireadh doiciméadúcan ar fáil ó chian do Bhaill an Bhoird roimh a gcruinnithe.
- ◇ Níos mó éifeachtacht a bhaint as ár bhfearas ríomhaireachta trí mhodhanna fíorúla /neamhfhisiceacha a úsáid – níos lú fuinnimh a úsáid i PAS.
- ◇ Uasghrádú mór a dhéanamh ar ár gcóras ríomhaireachta deisce trí Microsoft Windows 7 a chur i bhfeidhm.
- ◇ Chuir uasghrádú ar ár ngeata ríomhphoist ar ár gcumas áis criptithe ríomhphoist a sholáthar.
- ◇ An leas is fearr a bhaint as an teicneolaíocht reatha san oifig trí Citrix a úsáid mar uirlis chun gur féidir linn tacaíocht ó chian a thabhairt.
- ◇ Tacaíocht a thabhairt tríd an Deasc Chabhrach TF do gach córas, bogearraí agus cruuáearraí ar fud na hoifige.

Dea-chleachtas na nAcmhainní Daonna agus Tacaíocht do Bhaill Foirne

Comhpháirtíocht

Is tríd an samhaltán Comhpháirtíochta a thagann an cur chuige maidir le cinnteoireacht, fostú fostaithe agus cumarsáid san Oifig. Déanadh athbhreithniú ar bhallraíocht na Comhpháirtíochta i rith na bliana lena chinntiú go mbeadh ionadaíocht chúí ag gach grád agus réimse; tháinig ann do bhaill nua dá bharr sin. Lena chinntiú go leanann an Chomhpháirtíocht ag feidhmiú ar bhealach éifeachtach, d'aontaigh an Coiste ar Phlean Gníomhaíochta Chomhpháirtíochta agus cuireadh I bhfeidhm é go hiomlán i rith na bliana.

Oiliúint agus Forbairt

Leanamar lenár d'tiomantas d'oiliúint, d'fhorbairt bhreise ar shaineolas foirne agus d'fhorbairt leanúnach ghairmiúil.

Faomhadh an Phlean Foghlama agus Forbartha don eagraíocht tríd an gComhpháirtíocht. Seo a leanas roinnt de na príomh-idirghabhálacha oiliúna a soláthraíodh in 2009:

- Feasacht ar Bhulaíocht agus ar Chiapadh
- Réimse oiliúna a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht
- Clár Forbartha Bainisteora Earcaíochta
- Oiliúint Feidhmeannach
- Réimse oiliúna a bhaineann le TF (m.sh. word, excel)

Tugadh tacaíocht do 13 ball foirne maidir le cáilíochtaí gairmiúla/oideachais a bhaint amach tríd an scéim aisíocaíochta táillí. Ina theannta sin, spreagadh an fhoireann le fanacht suas chun dáta le forbairtí reatha ina réimse gairmiúil trí bhallraíocht a bheith acu i gcomhlachtaí gairmiúla agus le foilseacháin iomchuí.

Rinneadh athbhreithniú maidir le tionchar tionscnamh oiliúna agus forbartha ar fheidhmíocht eagraíochta agus ar fhorbairt

inniúlachta. Is é a bhí i gceist anseo tuarascálacha a scrúdú ón gcóras measúnaithe oiliúna ar líne maidir le feabhsúcháin a d'aithin ball den fhoireann agus a b(h)ainisteoir araon ar inniúlacht an bhaill foirne i ndiaidh corrréimhse oiliúna.

Clár Folláine

Ag teacht le polasaí na hoifige maidir le cur, nuair is féidir é, le ceisteanna a bhaineann le cáilíocht beatha na foirne, chríochnaíomar ceann eile dár sraith de Chláir Fholláine i rith 2009. Ar an gclár seo áiríodh:

- ◇ Seisiúin eolais ó Chumann Ailse na hÉireann agus ó Fhoras Croí na hÉireann.
- ◇ Eolas ar bhia sláintiúil i Chapter House (iris na foirne) chun ba bail foirne a spreagadh tabhairt faoi nósanna sláintiúla iteacháin agus roinnt eolais a thabhairt faoi conas bia folláin a ullmhú.
- ◇ Seisiún faoin Bheartas Nua ar Dhrugaí agus Alcól mar chuid dár gclár Feasachta Gnó.
- ◇ Dúshláin Siúlóide le Seachtain Croí na hÉireann a chur chun cinn.

Bainistíocht Feidhmíochta

Leanadh in 2009 le cur i bhfeidhm agus le comhtháthú leanúnach ar CBFF (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta) i ngnó na hOifige. Soláthraíodh oiliúint don fhoireann ar fad ar mheasúnuithe éifeachtacha agus cothroma agus bhí an t-aiseolas ón bhfoireann ar an oiliúint seo an-dearfach. Chinntigh Foireann Bailmheasa CBFF gur comhlíonadh an próiseas CBFF, rinne siad athbhreithniú ar nósanna imeachta reatha agus chinntigh siad cothromaíocht agus leanúnachas maidir le grádú feidhmíochta.

In 2009 d'fhorbair an oifig foirmeacha CBFF ar líne.

Cé gur go himheánach atá an fócas ar dtús, d'fhéadfaí an tionscnamh seo a chur i láthair mar chomhsheirbhís do Ranna/Oifigí eile na Státseirbhíse.

Suirbhé ar Dhearcadh na Foirne

Rinneamar Suirbhé ar Dhearcadh na Foirne agus bhaineamar ráta rannpháirtíochta 89% amach. Tríd is tríd bhí na torthaí an-dearfach. Cuireadh ceardlann ar siúl le foghrúpa dár gCoiste Comhpháirtíochta, agus forbraíodh Plean Gníomhaíochta (agus cuireadh é i bhfeidhm) chun tabhairt faoi aon cheist a d'éireodh as an suirbhé.

Ath-implonú

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí earcaíochta agus ar leibhéal foirne na heagraíochta chuir PAS socruithe i bhfeidhm lena chinntiú go mbainfí an úsáid is mó as na baill foirne maidir le leas na státseirbhíse agus lucht íoctha cánach.

Orthu siúd bhí 11 ball foirne a cuireadh ag obair go sealadach i Ranna/Oifigí éagsúla

sa státseirbhís chun folúntais éigeandála a líonadh – folúntais a tharla mar gheall ar bhaill foirne bhuna a d'fhág faoi théarmaí na scéime scoilbhliana i rith an tsamhraidh. Líonfaí na poist seo roimhe seo trí earcaíocht shealadach.

Tar éis cruinnithe eolais a réachtáil leis an fhoireann agus leis na baill foirne aonair agus le grúpaí ionadaíochta foirne lorg muid iarratais ó dhaoine a bhí toilteanach dul ar iasacht shealadach chuig Ranna/Oifigí eile. Dhírigh ár gclár cumarsáide ar na buntáistí do na baill a gheofaí as na deiseanna a bheadh i gceist le hiasacht shealadach agus spreag muid na baill foirne a bheith dearfach faoin iasacht. Cuireadh 20 ball foirne toilteanach ag obair ar iasacht shealadach leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus cúigear i gceanncheathrú an Gharda.

Dá bharr sin tá laghdú de 29% i líon na mball foirne ón líon a haontaíodh roimhe seo (.i. ó 153 go 109.26).

Airgeadas agus Rialachas Corparáideach

Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

Tháinig Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí le chéile ar sé ócáid i rith na bliana, faoi chathaoirleacht Mr Eddie Sullivan, agus d'oibrigh trí chlár oibre cuimsitheach. Thug an Bord aire ar leith do cheisteanna a bhain le feidhmíocht ar phríomhthosaíochtaí straitéiseacha, rialachas airgeadais agus bainistíocht riosca. Ag gach cruinniú soláthraíodh miontuairiscí gníomhaíochta agus airgeadais don Bhord chomh maith le nuashonruithe ar réimsí mar riosca, iniúchadh inmheánach, agus dul chun cinn maidir lenár bpríomhchuspóirí straitéiseacha.

Nuashonraíodh Cóid Chleachtais an Bhoird nuair a tugadh isteach na Cóid Chleachtais Nua um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit.

Iniúchadh Inmheánach

Rinne an Coiste faomhadh ar an dTuarascáil Bhliantúil i mí Feabhra, agus ansin cuireadh faoi bhráid an Oifigigh Chuntasaíochta é. Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta Inmheánaí an Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid Choiste an Bhoird ag a gcruinniú i mí an Mhárta.

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta Inmheánaí le chéile ceithre huairé agus cuireadh na tuarascálacha iniúcháireachta seo a leanas faoina mbráid:

- Athbhreithniú ar Chaighdeán na Seirbhísí do Chustaiméirí
- Tuarascáil ar na Córais um Bainistíocht Freastail i PAS
- Próifíliú Buiséid
- Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
- Leanúnachas Gnó
- Athbhreithniú Sláinte & Sábháilteachta:

I rith 2009 rinneadh 19 moladh ó shé cinn de thuarascálacha inmheánacha. Cuireadh 12 díobh i bhfeidhm agus tá dul chun cinn ar an chuid eile de réir na dtuarascálacha cuí.

Lorg an Coiste Iniúcháireachta Inmheánaigh athbhreithniú ar stádas na moltaí ar fad ar thuarascálacha iniúcháireachta roimhe seo. Tá an Coiste sásta gur cuireadh nó go bhfuil na moltaí ar fad á gcur i bhfeidhm.

Dhréachtaigh agus d'aontaigh an Coiste an Plean Iniúcháireachta Straitéiseach 2010-2012.

Bainistíocht Riosca

Ag léiriú an tábhacht a bhain lena chinntiú, nuair is féidir é, go n-aithnítear gach riosca agus go nglactar céimeanna oiriúnacha lena n-éifeacht a laghdú, tháinig an Grúpa Bainistíochta Riosca le chéile ceithre huairé i rith 2009.

Rinne an Grúpa anailís ar riosca san eagraíocht chun cabhair a thabhairt don Choiste Iniúcháireachta Inmheánaigh agus iad ag dréachtú an Phlean Straitéisigh Iniúcháireachta 2010-2012.

Phléigh an Grúpa a ról sa phróiseas gnó leanúnaigh agus d'aontaigh siad dul i dteagmháil leis an Fhoireann Pleanála Éigeandála lena chinntiú go gcuirtear na moltaí ar fad ón Tuarascáil Iniúcháireachta faoi Leanúnachas Gnó i bhfeidhm agus go ndéantar tástáil shásúil ar an phlean.

Rinne an Bord athbhreithniú freisin ar an gClár Riosca Corparáideach ag a gcruinnithe i Mí an Mhárta agus Mí na Samhna.

Rialachas Tionscadail

Gné tábhachtach de rialachas corparáideach sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí is ea an bhainistíocht ghníomhach ar gach tionscadal straitéiseach le huasluach agus aschur a chinntiú dóibh as gach tionscadal a sheoltar. I gcoílár an chuspóra seo tá obair Bhord an Tionscadail agus Oifig inmheánach an Tionscadail. Tá Bord an tionscadail freagrach as súil a choinneáil ar gach tionscadal straitéiseach san oifig agus as monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal na n-acmhainní atá á soláthar agus an dul chun cinn atá a dhéanamh.

Soláthar

Tá an oifig faoi threoir ag na Treoirlínte agus Polasaithe Soláthair Poiblí a d'fhoilsigh an tAonad Soláthair sa Roinn Airgeadais. Chuir an tOifigeach Soláthair forbairt ar Phlean Soláthair Chorparáideach chun cinn le treoir straitéiseach a chur ar fáil i gceannach le luach ar airgead, éifeacht soláthair, agus cuspóirí corparáideacha PAS a bhaint amach.

Gaolmhaireacht leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC&C) agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP).

Gnáthchuid de ghnó na hearcaíochta san earnáil poiblí is ea na hiniúcháirí seachtracha. Lasmuigh den scrúdú bliantúil ar ár n-airgeadas ag oifig an ARC&C, bíonn teagmháil rialta ag an Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis an CCSP maidir lena n-iniúcháireacht ar fheachtais earcaíochta de réir na gcaighdeán a leagadh síos ina gCód Cleachtais foilsithe.

Fáiltíonn an oifig roimh seasamh neamhspleách na n-iniúchtaí seo mar bhealach lena chinntiú go gcoimeádtar caighdeán ard i ngach gné de ghnó na hearcaíochta.



Aguisín

AGUISÍN 1

Achoimre ar an nGníomhaíocht Earcaíochta 1 Eanáir – 31 Nollaig 2009 (maidir leis an tuarascáil seo, cuirtear na gníomhaíochtaí earcaíochta ar fad atá cosúil le chéile faoi cheantheidil shingil).

| | <i>Iomlán na n-larratas a fuarthas</i> | <i>Líon a cuireadh faoi agallamh</i> | <i>Líon a hainmníodh / a moladh</i> |
|--|--|--------------------------------------|--|
| Státseirbhís agus Gníomhaíochtaí Gaolta Eile | | | |
| Cléireachais (earcaíocht sealadach san áireamh) | 16,998 | 825 | 584 |
| Riaracháin (Cúltaca an Gharda san áireamh) | 3,745 | 1,048 | 761 |
| Ardbhainistíocht agus Gairmiúil | 1,549 | 255 | 88 |
| IOMLÁN | 22,292 | 2,128 | 1,433 |
| Ceapacháin Áitiúla | | | |
| Údaráis Áitiúla | 369 | 140 | 21 |
| An Earnáil Sláinte | 1,347 | 432 | 212 |
| IOMLÁN | 1,716 | 572 | 233 |
| | <i>Iomlán na n-larratas a fuarthas</i> | <i>Líon a cuireadh faoi thástáil</i> | <i>Líon na n-ainmneacha a cuireadh chuig cliaint</i> |
| Seirbhísí Breise Roghnúcháin/Tástála a Soláthraíodh | | | |
| Státseirbhís | 79 | 53 | 56 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 1,045 | 329 | 225 |
| Altranas do Dhaoine Fásta 2009 | 1,844 | 1,298 | 923 |
| Éagsúil | 202 | 1,075 | 635 |
| IOMLÁN | 3,170 | 2,755 | 1,839 |
| | <i>Iomlán na n-larratas a fuarthas</i> | <i>Líon a cuireadh faoi agallamh</i> | <i>Líon a hainmníodh / a moladh</i> |
| LÍON ar FAD | 27,178 | 2,700 | 1,666 |

Is féidir níos mó sonraí faoi na staitisticí seo a fháil má iarrann tú iad

AGUISÍN II

Toradh na Suirbhéanna ar Iarrthóirí agus ar Chomhaltaí Boird agus Caighdeáin Seirbhíse Eile

Toradh Suirbhé na nIarrthóirí

| Fógra faighte | Ráta Freagraí Dearfacha | | Ráta Freagraí Diúltacha | |
|---|-------------------------------|-----------|-------------------------|-----------|
| | Suirbhé 1 | Suirbhé 2 | Suirbhé 1 | Suirbhé 2 |
| Sástacht le réamhfhógra maidir leis an triail | 93% | 88% | 7% | 12% |
| Leabhrán Taithíochta ar fáil in am ar an suíomh gréasáin | 93% | 91% | 4% | 2% |
| Sástacht le tráthúlacht toradh na trialach | 90% | 85% | 10% | 15% |
| Sástacht le réamhfhógra maidir leis an agallamh | 90% | 92% | 9% | 8% |
| Sástacht le tráthúlacht thoradh an agallaimh | 85% | 84% | 12% | 16% |
| Iarrthóirí faoi Riachtanais Speisialta (3% de na freagraí) | | | | |
| Riachtanais speisialta sonraithe ar an bhfoirm iarratais | 60% | N/A | 40% | N/A |
| An ndearna ball foirne teagmháil leat de réir d'iarratais | 100% | N/A | 0% | N/A |
| Ar cuireadh ábhar inrochtana ar fáil má hiarradh é | 100% | N/A | 0% | N/A |
| Sástacht le seirbhísí chun freastal ar riachtanais speisialta | 50% good 50% average | N/A | 0% | N/A |
| Freagairt ar Iarratais | | | | |
| Admháil ar chomhfhreagras scríofa ins na trí lá | 72% | 73% | 18% | 19% |
| Freagra iomlán ins na deich lá | 75% | 74% | 17% | 16% |
| Gach comhfhreagras soiléir, simplí | 83% | 84% | 17% | 16% |
| Sástacht le caighdeán an aiseolais ón agallamh a fuarthas | 58% | 57% | 39% | 43% |
| Déileáil le achomharc san achar leagtha síos sa Chód CPSA (rinne 4% des na hiarrthóirí achomharc) | 50% | 60% | 42% | 20% |
| Foilseacháin ar fáil go tráthúil i nGaeilge nuair a iarradh iad | 60% | 50% | 40% | 50% |
| Plé leis an Fhoireann | | | | |
| Bhí na baill foirne béasach | 96% | 85% | 4% | 0% |
| Bhí na baill foirne eolach | 93% | 84% | 7% | 6% |
| Bhí na baill foirne cuiditheach | 94% | 84% | 6% | 2% |
| Bhí na baill foirne éifeachtach | 92% | 78% | 8% | 8% |
| Suíomh gréasáin: | | | | |
| Soiléireacht | 83% | 77% | 3% | 6% |
| Éascaíocht in úsáid | 79% | 89% | 6% | 10% |
| Conas Iarratas a Dhéanamh: | 83% | 75% | 3% | 8% |
| Feabhas an eolais | 91% | 53% | 7% | 7% |
| Sástacht Iomlán | | | | |
| Sástacht le caighdeán an phróisis earcaíochta | 86% | 80% | 14% | 19% |

Torthaí Suirbhé na gComhaltaí Boird

| Ceist | Freagraí | | | |
|---|--|---|--------------------------|-------------------|
| Cén ról a bhí agat ins na Boird Agallaimh? | Comhalta Boird/Cathaoirl each 80% | Ionadaí na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí 8% | An Dá Ról 12% | |
| An gceapann tú go raibh an páipéarachas don Bhord Agallaimh agat in am chun ullmhú don Bhord Agallaimh? | Bhí 100% | Ní raibh 0% | | |
| An bhfuair tú oiliúint ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le do ról mar Chomhalta Boird/Ionadaí na Seirbhíse? | Fuair 38.5% | Ní bhfuair 54% | Ní cuimhí n liom 7.5% | |
| An raibh cruinniú faisnéise agat le ball foirne nó ionadaí na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí? | Bhí 92% | Ní raibh 8% | | |
| Má bhí an raibh sé ina chuidiú agat sa ról? | Bhí 95% | Ní raibh 5% | | |
| An bhfuair tú íocaíocht na dtáillí ar an meán? | Taobh istigh de choicís 45% | Os cionn coicíse 52% | | |
| An bhfuair tú íocaíocht ar chostais taistil agus cothaithe (má bhí siad tuillte) ar an meán? | Taobh istigh de sheachtain amháin. 5% | Idir seachtain agus coicís 29% | Os cionn coicíse 66% | |
| Cén meas a bheadh agat ar chaighdeán na n-áiseanna seo? | Faoi bhun an mheáin | Meán | Maith | Sár-mhaith |
| Seomraí agallaimh | 0% | 11% | 43% | 46% |
| Tae/Caifé | 0% | 19% | 43% | 38% |
| Lón | 10% | 28% | 40% | 22% |
| Fáiltiú | 0% | 3% | 36% | 61% |
| Limistéir Feithimh | 0% | 17% | 42% | 41% |
| Leithris | 0% | 16% | 34% | 50% |
| Cad é do mheas ar na seirbhísí a soláthraíodh ina n-iomláine? | Faoi bhun an mheáin 0% | Meán 5% | Maith 21% | Sár-mhaith 74% |

Torthaí ar Shuirbhé na gCliant

| Seirbhísí PAS faoi láthair | Ráta Freagraí Dearfacha | Ráta Freagraí Diúltacha |
|---|--------------------------------|--------------------------------|
| Sásamh lenár dtuiscint ar riachtanais earcaíochta na gcliant | 88% | 12% |
| Sásamh le hamscála na bpróiseas earcaíochta | 81% | 19% |
| Sásamh le caighdeán na mball foirne a shann / a mhol PAS | 88% | 12% |
| Sásta PAS a mholadh d'eagraíochtaí poiblí eile bunaithe ar chaighdeán na seirbhísí a fuarthas | 86% | 14% |
| Tá PAS níos dírithe ar na custaiméirí le roinnt blianta | 85% | 15% |
| Plé le foireann PAS | | |
| Baill foirne ar fáil chun d'fhiosrúcháin a láimhseáil | 87.5% | 12.5% |
| Sástacht le caighdeán na comhairle a fuarthas | 87.5% | 12.5% |
| Béasa na mball foirne a sholáthar an tseirbhís | 87.5% | 12.5% |
| Sástacht le luas/éifeacht lenár pléadh le fiosrúcháin | 81% | 19% |
| Seirbhísí Breise de chuid PAS a húsáideadh | | |
| Seirbhísí breise a lorgaíodh ó PAS (Lorgaíodh / Níor lorgaíodh) | 27% | 73% |
| Sástacht leis an tseirbhís a soláthraíodh ó thaobh ama de | 83% | 17% |
| Sástacht leis an tseirbhís a soláthraíodh ó thaobh chaighdeán na seirbhíse | 80% | 20% |

Caighdeán Seirbhíse eile a baineadh amach i 2009

| Seirbhís | Caighdeán | Torthaí a Baineadh Amach |
|--|---|---|
| Chliant | | |
| Baill foirne riaracháin a sholáthar do Chliant ar iarratas | Painéil in áit do gach grád seirbhíse ginearálta do 80% d'ionaid | Painéil in áit do OC, OF (Oscailte, Líofa i nGaeilge, agus TFC), OR, AOF/POC/AOC (Oscailte) Chríochnaigh na painéil do OF, OF (Teoranta agus Anailísí Sóisearach Córas), AOF (Teoranta agus OF), POC/PO (Teoranta) – níl aon fheachtas idir-rannach mar gheall ar an mhoratóir |
| Ceapadh chuig poist Ardbhainistíochta / Ghairmiúla / Theicniúla | 80% de na feachtais le críochnú taobh istigh den spriocam a comhaontaíodh leis an Chliant (mar chuid de Chomhaontú Seirbhíse) 95% de na feachtais – poist líonta | Baineadh amach – (ach i gcásanna iontach casta do chomhairligh leighis ina raibh fadhbanna le cead) Baineadh amach |
| Seirbhísí earcaíochta agus roghnúcháin eile a sholáthar (m.sh. Anailís Poist, páirtearcaíocht agus roghanna roghnúcháin) | Amscála le comhaontú leis an Chliant ar iarratas mar chuid de Chomhaontú Seirbhíse | Baineadh amach |
| Gach Custaiméir | | |
| Suíomh gréasáin oiriúnach, inrochtana agus lán eolais a sholáthar – publicjobs.ie | Ar fáil 99% den am; Seirbhís i bhfeidhm arís taobh istigh de 2 uair a chloig ó tugadh fógra faoin bhriseadh | Baineadh amach |
| Seirbhís ar ardchaighdeán do gach grúpa a thagann faoin Dlí Comhionannais agus d'iarrthóirí faoi riachtanais speisialta | Rinneadh gach feachtas de réir an deachleachtais maidir le comhionannas agus éagsúlacht | Baineadh amach |

AGUISÍN III

Achomhairc

Achomhairc ag Leibhéal Éagsúla 2009

| | | <i>Líon a Fuarthas</i> |
|-------------------------------|-----------------------|------------------------|
| <i>An Chéad Athbhreithniú</i> | <i>PAS Leibhéal 1</i> | 30 |
| | <i>PAS Leibhéal 2</i> | 34 |
| <i>An tEadránaí Cinnidh</i> | <i>PAS Leibhéal 3</i> | 13 |

AGUISÍN IV

Dul chun cinn ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2008-2010

Príomhspríoc – Córas earcaíochta gairmiúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chliant

| | |
|--|---|
| Príomhtháscairí Feidhmíochta Líonfar poist i 95% de na feachtais earcaíochta | Dul chun cinn Baineadh amach |
| Sástacht 80% na gcliant leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil | Baineadh amach |
| 80% de phoist le líonadh taobh istigh den spríocam a comhaontaíodh leis an chliant | Baineadh amach – (ach i gcásanna iontach casta do chomhairligh leighis ina raibh fadhbanna le cead) |

Spríoc 1 – Córais Earcaíochta agus Roghnúcháin ar Ardchaighdeán

| | |
|--|--|
| Príomhtháscairí Feidhmíochta Bunaigh (roimh lár 2009) seirbhís réigiúnach Cuir iarratasóirí oiriúnacha cáilithe ar fáil do chliant chun folúntais i ngach grád i seirbhís ghinearálta a líonadh STAR a sheoladh faoi lár 2009 Ionad Seirbhíse do Chustaiméirí in áit roimh Nollaig 2009 Líon na míreanna trialach a mhéadú 100% roimh 2010 Foireann ins an Oifig in Eochail roimh dheireadh 2009 Bainisteoir um Chaidreamh le hÁisíneachtaí Stáit le ceapadh go luath sa bhliain 2009 | Dul chun cinn Ar siúl Baineadh amach Seoladh i Samhain 2009 Deasc Chabhrach do Chustaiméirí i bhfeidhm Ar siúl Ag feitheamh ar chinneadh an Rialtais Ar coimeád de bharr cúrsaí earcaíochta |
|--|--|

Spríoc 2 Bainistíocht an Chaidrimh Dírithe ar an Iarrthóir

| | |
|--|---|
| Príomhtháscairí Feidhmíochta 80% d'iarrthóirí sásta leis an phróiseas earcaíochta Iniúchadh Bliantúil Ilchineálach a bhaineann le hiarrthóirí sa phróiseas earcaíochta Iniúchadh Bliantúil Inrochtana ar an suíomh gréasáin Méadú 20% ar an líon a chláraítear gach bliain ar publicjobs | Dul chun cinn Baineadh amach Ar siúl San áireamh mar chuid de thionscadal STAR Níl sé i gceist níos mó de bharr STAR – athchlárú ag teastáil. |
|--|---|

Aidhm 3 Oideachas, Taighde, Forbairt agus Tagarmharcáil

| | |
|--|---|
| Príomhtháscairí Feidhmíochta Dhá Sheimineár sa bhliain ar théamaí a bhaineann leis an Earcaíocht/Roghnú Foilsíodh ceithre phríomhphíosa taighde i gcaitheamh na Straitéise Teagmháil le EPSO a neartú | Dul chun cinn Níor tionóladh i 2009 de bharr cúrsaí earcaíochta faoi láthair Ar siúl (3 cinn comhlíonta go dtí seo) Tionóladh cruinniú Líonra i mí Dheireadh Fómhair |
|--|---|

AGUISÍN V

Tuarascáil Airgeadais

CAITEACHAS

Tá caiteachas na bliana 2009 leagtha amach thíos:

| | €000 |
|---|---------------|
| Tuarastail | 6,611 |
| Taisteal agus Cothabháil | 153 |
| Costais theagmhasacha (Oiliúint san áireamh) | 250 |
| Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide | 183 |
| Trealamh Oifige | 2,169 |
| Caiteachas ar Fhoirgnimh Oifige | 299 |
| Seirbhísí Comhairliúcháin | 120 |
| Fógraíocht, Cóiríocht, Priontáil Páipéar Trialach | 227 |
| Costais Agallamh agus Comórtas Éagsúla | 358 |
| Móriomlán | 10,370 |
| Leithghabháil i gcabhair | 557 |
| Iomlán Glan: | 9,813 |

Ar an 7 Lúnasa 2002 tháinig Rialacháin Chomhphobal na hEorpa (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Airgeadais) i bhfeidhm agus laghdaigh sé an líon laetha chun éilimh a íoc ó 45 go 30 lá. In 2009 bhí 58 cás nuair nach ndearnadh íocaíochtaí taobh istigh den am ceart. Íocadh €999 mar phionós úis le linn 2009.







An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Áras na Caibidle
26 – 30 SRÁID NA MAINISTREACH UACHTARACH
Baile Átha Cliath 1
Éire.

Teileafón: + 353 1 858 7400

Facs: + 353 1 858 7500

R-phost: info@publicjobs.ie